


# SHAPE THE FUTURE

## Are You A Transport Trailblazer?

**Join the CIÉ Youth Board and help CIÉ Group reimagine its operations for a sustainable future.**

CIE

**Hello!**

Córas Iompair Éireann (CIÉ) is Ireland's largest public transport provider, with a vision to help transform public transportation into a powerful force for positive environmental, social and economic change. To help deliver on its vision, it has established a youth board to formally bring the voice of young people into its decision-making process.

CIÉ wants to hear ideas and insights from a youth board of ***TRANSPORT TRAILBLAZERS*** - enthusiastic, motivated, open-minded and forward-thinking young people - to input into CIE's long and short-term planning of Ireland's largest public transport operator, in an advisory capacity.

Youth Board members get to advise on a range of topics, suggesting and contributing new ideas on how to improve public transport experiences. It's an opportunity to meet with other young people from diverse backgrounds, locations, and communities; develop leadership and communication skills; cultivate sustainability knowledge, and feel empowered knowing your contributions are valued in the decision-making process.

Plus, every Youth Board member is eligible to have all their public transport costs covered by CIÉ during their two-year tenure - see below for details.

## The role of the Youth Board is to:

- Work quarterly with CIÉ's Operating Companies (Op-Cos) and internal liaison officers.
- Participate in CIÉ's consultation process, informing active policy and decision making.
- Consult into key CIÉ projects and share youth insights, working on projects that tap into members' innate creativity, imagination, and future-focused, digital-centric outlook.
- Support sustainability goals by helping the shift from private transport to public transport.
- Bring imagination to pilot projects reimagining the future of Ireland's public transport.

## Potential Projects Include:

- **Vision 2030 Projects:** active engagement on CIÉ's ten key Vision 2030 projects – the current Youth Board will review the long list and select the projects of greatest interest for deeper involvement.
- **CIÉ Group 40th Anniversary:** creative ideas on how CIÉ shows up for its 40th anniversary in February 2027 – the focus is on celebrating the future, not just looking back.
- **AI:** how CIÉ Group can best deploy AI across the business.
- **Sustainability:** ongoing sustainability projects, including consultation on sustainable mobility plans.
- **Innovation:** ongoing innovation projects underway across the Group.
- **Property:** ongoing property projects underway across the Group.
- Members may also work alongside ad agencies on campaigns going live to market as part of project work.

## Who Can Apply:

We invite you to encourage **young people aged 18 - 25 years old** from across the Republic of Ireland to apply to sit on this Youth Board of 12 members. A diverse Youth Board is sought with consideration given to representation across the specified age range, gender balance, ethnicity, geographic representation (urban/rural balance) and lived experiences. Recruitment will be based on passion and enthusiasm for driving change within the public transport system, with varying lived experiences desired. It is not a requirement that candidates have sustainability expertise or formal third-level education

This cycle's tenure will begin at the end of September / early October 2026, and successful members will also have the opportunity to join a broader CIÉ Youth Board alumni network after their tenure concludes.

In sharing this opportunity with your youth members please direct them to **this online form** to fill out as an expression of their interest. The closing date for applicants is August 28th 2026.

# Commitment by young person:

**Meetings:**

- Attend quarterly in-person meetings lasting 3–4 hours.
- Take part in at least eight meetings over the two-year term.
- Meetings may include workshops, group work, discussions and training.
- Some online preparation or follow-up may also be required.
- The total time commitment is approximately 4–6 hours per month.
- Members may also be invited to share their views at internal meetings or panel discussions across the CIÉ Group.

**Training:** Youth Board members will also have the opportunity for learning and upskilling facilitated by CIÉ and its training partners. This training will encompass business and leadership skill development, governance, media training, and sustainability knowledge building, in addition to peer-to-peer

learning. Youth Board members may also be invited to mentor senior executives/senior board members.

**Publicity:** It is not intended that Youth Board members would routinely undertake media engagement or act as spokespersons for CIÉ. However, opportunities may arise for members of the Youth Board to participate in media engagements, particularly in respect to project work championed by the Youth Board. In such instances, and in all Youth Board engagements, members will be required to abide by a code of conduct with regard to confidentiality and social media engagement.

**Annual Presentation:** Youth Board members will be required to share their ideas via an annual presentation that gives an overview of activities, and quarterly presentations that provide real-time insights and feedback to support the CIÉ board in its decision-making.

**Alumni Network:** On completion of their two-year tenure, members will have the opportunity to join a broader CIÉ Youth Board alumni network, staying connected to CIÉ and future Youth Board cohorts.

## Value Exchange:

During their two-year tenure, the 12 successful candidates will have the use of all CIÉ buses and trains (including services from DART, Dublin Bus, Bus Éireann and Iarnród Éireann) for free and will therefore be well-positioned to share real-time feedback on their travel experiences. Food and refreshments for meetings/workshops will also be provided. The first initial meeting will be held in CIÉ, Heuston Station, Dublin 8, D08 E2CV. It is envisaged future meetings will be held there, but the group may decide on alternative locations moving forward.

The CIÉ Youth Board is managed by CIÉ in partnership with THINKHOUSE youth marketing agency.  Any specific inquiries can be sent to **CIEyouthboard@thinkhousehq.com**.

Reimagining the future of Ireland's public transport system
CIÉ, together with THINKHOUSE, welcomes the participation of young people to help CIÉ Group to reimagine its operations for a sustainable future.

Kind regards,

Claire Hyland (THINKHOUSE)


**Heileo!**

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ) an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn, agus is í a fhís cuidiú le hiompar poiblí a athrú ó bhonn ina thionchar cumhachtach ar son athrú dearfach timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíoch. Chun cuidiú leis an bhfís dá chuid a chur i gcrích, tá sé ag iarraidh guth na ndaoine óga a thabhairt isteach ar bhonn foirmiúil ina phróiseas cinnteoireachta.

Ba mhian le CIÉ smaointe agus léargas a chluinstin ó bhord óige de ***CHEANNRÓDAITHE IOMPAIR*** - daoine óga atá díograiseach, spreagtha, leathanaigeanta agus fadbhreathnaitheach - chun cur le pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach oibritheoir iompair phoiblí is mó na hÉireann mar chomhairleoirí.

Beidh seans ag baill an Bhoird Óige comhairle a thabhairt maidir le réimse ábhar, agus smaointe a mholadh agus a thabhairt maidir le conas eispéiris iompair phoiblí a fheabhsú. Is deis í chun bualadh le daoine óga eile ó chúlraí, ó shuíomhanna, agus ó phobail éagsúla; chun scileanna ceannaireachta agus cumarsáide a fhorbairt; chun eolas ar inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus a mhothú go bhfuil tú cumhachtaithe agus an t-eolas agat go bhfuil meas ar an méid a chuireann tú leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Ina theannta sin, tá gach ball den Bhord Óige incháilithe le go gclúdóidh CIÉ a gcostais iompair phoiblí go léir le linn a dtéarma dhá bhliain - féach thíos chun sonraí a fháil.



## Seo a leanas ról an Bhoird Óige:

- Oibriú ar bhonn ráithiúil le Cuideachtaí Oibriúcháin CIÉ agus le hoifigigh idirchaidrimh inmheánacha.
- Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin CIÉ, trí bhonn eolais a chur faoi bheartas agus faoi chinnteoireacht ghníomhach.
- Dul i gcomhairle le príomhthionscadail CIÉ agus léargas na hóige a roinnt, ag obair ar thionscadail a bhaineann leas as cruthaitheacht, samhlaíocht agus ionchas todhchaí-dhírithe digiteach-lárnach nádúrtha na mball.
- Tacú le spriocanna inbhuanaitheachta trí chuidiú leis an aistriú ó iompar príobháideach go hiompar poiblí.
- Samhlaíocht a chur sna treoirthionscadail lena n-ath-shamhlaítear todhchaí iompair phoiblí na hÉireann.

## Áirítear leis na Tionscadail Ionchasacha:

- **Tionscadail Fhís 2030**: rannpháirtíocht ghníomhach i ndeich bpríomhthionscadal Fhís 2030 CIÉ – déanfaidh an Bord Óige reatha athbhreithniú ar an liosta fada agus roghnóidh sé na tionscadail is mó spéise le haghaidh baint níos doimhne.
- **Comóradh 40 Bliain Ghrúpa CIÉ**: smaointe cruthaitheacha maidir le conas a bheidh CIÉ i láthair dá chomóradh 40 bliain i mí Feabhra 2027 – dírítear ar an todhchaí a cheiliúradh, ní breathnú siar amháin.
- **IS:**conas is fearr is féidir le Grúpa CIÉ IS a úsáid ar fud an ghnólachta.
- **Inbhuanaitheacht:** tionscadail inbhuanaitheachta leanúnacha, lena n-áirítear comhairliúchán maidir le pleananna soghluaisteachta inbhuanaithe.

- **Nuálaíocht:** tionscadail nuálaíochta leanúnacha a bheith ar siúl ar fud an Ghrúpa.
- **Maoin:** tionscadail maoine leanúnacha a bheith ar siúl ar fud an Ghrúpa.
- Is féidir leis na baill oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí fógraíochta ar fheachtais atá ag dul beo ar an margadh mar chuid d'obair thionscadail.

## Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh:

Tugaimid cuireadh duit **daoine óga atá 18 - 25 bliana d'aois** ó ar fud Phoblacht na hÉireann a spreagadh chun iarratas a chur isteach le bheith ar an mBord Óige sin ar a mbeidh 12 ball. Táthar ar lorg Bord Óige éagsúil agus cuirfear ionadaíocht san áireamh ar fud an aoisraoin, na cothromaíochta inscne, na heitneachta, na hionadaíochta geografaí (cothromaíocht uirbeach/tuaithe) agus na taithí saoil atá sonraithe. Beidh earcaíocht bunaithe ar dhíograis agus ar dhíocas le haghaidh athruithe a spreagadh laistigh den chóras iompair phoiblí, agus tá taithí saoil dhifriúil inmhianaithe. Níl sé ina riachtanas go mbeidh saineolas ar inbhuanaitheacht ná oideachas foirmiúil tríú leibhéal ag iarrthóirí

Tosóidh tréimhse an timthrialla sin ag deireadh mhí Mheán Fómhair / tús mhí Dheireadh Fómhair 2026, agus beidh an deis ag baill rathúla páirt a ghlacadh i líonra níos leithne de chuid chéimithe Bhord Óige CIÉ nuair a bheidh deireadh tagtha lena dtéarma.

Agus an deis seo á roinnt agat le do bhaill óige, treoraigh iad chuig an **bhfoirm seo ar líne** lena líonadh mar léiriú ar a spéis. Is é an 28 Lúnasa 2026 an dáta deiridh d'iarratasóirí.

# Tiomantas an duine óig:

**Cruinnithe:**

- Freastal ar chruinnithe ráithiúla ar an láthair go pearsanta a mhairfidh 3-4 uair an chloig.
- Páirt a ghlacadh in ocht gcruinniú ar a laghad thar an téarma dhá bhliain.
- D'fhéadfadh ceardlanna, obair ghrúpa, plé agus oiliúint a bheith san áireamh sna cruinnithe.
- D'fhéadfadh go mbeadh gá le roinnt ullmhúcháin nó obair leantach ar líne freisin.
- Is é an gealltanas ama iomlán thart ar 4-6 uair an chloig in aghaidh na míosa.
- Féadfar cuireadh a thabhairt do bhaill a dtuairimí a roinnt ag cruinnithe inmheánacha nó ag plé painéil i nGrúpa CIÉ freisin.

**Oiliúint:** Beidh deis foghlama agus uas-oiliúna ag baill an Bhoird Óige freisin arna héascú ag CIÉ agus ag a chomhpháirtithe oiliúna. Cuimseofar san oiliúint sin forbairt scileanna gnó agus ceannaireachta, rialachas, oiliúint ar na meáin, agus forbairt eolais ar inbhuanaitheacht, chomh maith le piarfhoghlaim. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill an Bhoird Óige chun meantóireacht a dhéanamh ar fheidhmeannaigh shinsearacha/ ar bhaill shinsearacha an bhoird.

**Poiblíocht:** Níl sé beartaithe go nglacfadh baill an Bhoird Óige páirt i dteagmháil leis na meáin ar bhonn rialta nó go ngníomhóidís mar urlabhraithe CIÉ. D'fhéadfadh deiseanna teacht chun cinn, áfach, do bhaill an Bhoird Óige chun páirt a ghlacadh i dteagmhálacha leis na meáin, go háirithe maidir leis an obair thionscadail a dtacaíonn an mBord Óige léi. I gcásanna dá leithéid, agus i ngach caidreamh gníomhach ag baill an Bhoird Óige, beidh sé riachtanach go gcloífidh baill le cód iompraíochta maidir le rúndacht agus teagmháil ar na meáin shóisialta.

**Láithreoireacht Bhliantúil:** Beidh sé riachtanach do bhaill an Bhoird Óige a gcuid smaointe a chomhroinnt trí láithreoireacht bhliantúil ina dtugtar léargas ginearálta ar ghníomhaíochtaí agus ar láithreoireachtaí ráithiúla

lena soláthraítear léargais agus aiseolas fíor-ama chun tacú le Bord CIÉ ina chinnteoireacht.

**Líonra Céimithe:** Nuair a chríochnóidh na baill a téarma dhá bhliain, beidh deis acu páirt a ghlacadh i líonra níos leithne de chéimithe Bhord Óige CIÉ, agus fanacht i dteagmháil le CIÉ agus le cohóirt an Bhoird Óige amach anseo.

## Malartú Luacha:

Le linn a dtréimhse oifige dhá bhliain, beidh na 12 iarrthóirí rathúla in ann busanna agus traenacha uile CIÉ a úsáid (lena n-áirítear seirbhísí DART, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann) saor in aisce agus dá bhrí sin beidh sé ar a gcumas aiseolas fíor-ama ar a gcuid eispéireas taistil a roinnt. Cuirfear bia agus sólaistí ar fáil freisin do chruinnithe/cheardlanna. Tionólfar an chéad chruinniú tosaigh i CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, D08 E2CV. Tá sé beartaithe go dtionólfar cruinnithe amach anseo ansin, ach d'fhéadfadh an grúpa láithreacha eile a shocrú sa todhchaí.

Bainistíonn CIÉ Bord Óige CIÉ i gcomhpháirtíocht le gníomhaireacht margaíochta óige THINKHOUSE.  Is féidir ceisteanna sainiúla ar bith a sheoladh chuig **CIEyouthboard@thinkhousehq.com**.

Todhchaí chóras iompair phoiblí na hÉireann a shamhlú an athuair Cuireann CIÉ, in éineacht le THINKHOUSE, fáilte roimh rannpháirtíocht daoine óga chun cuidiú le Grúpa CIÉ a chuid oibríochtaí a shamhlú an athuair le haghaidh todhchaí inbhuanaithe.

Le dea-ghuí

Claire Hyland (THINKHOUSE)